# Craobh Caide na Mumhan 1917

Seán Ó Laoi (seanolaoi2@gmail.com)

Ní haon ionadh nach raibh an Ríocht ann ach bhí lámh ag Ciarraí i mbua an Chláir. Tar éis don Ríocht an ceann ab fhearr a fháil ar na Tiobradaigh i 1916 tharraigíodar siar as an gcomórtas. Bhí cúis mhaith acu. Bhí an chuid ba mhó de na himreoirí caide ab fhearr sa chontae mar chimí i bhFrongoch agus ina measc luaim fear mór na caide, Dick Fitzgerald.

D'imigh Tomás Ághas (1885-1917) ar shlí na fírinne ar 25 Meán Fómhair 1917. Iarchaptaen Lios Póil ab ea é is ball de bhord an chontae ab ea é. Bhí an Ríocht as riocht ar fad ó thaobh na caide de bharr Éirí Amach na Cásca ach:

*'While many assumed this decision was due to the number of Kerry players languishing in internment, the Kerry GAA instead explained that they were in dire financial straits and simply could not afford the cost of the team's continued involvement in national competitions.'* **Richard McElligott**

Theip ar na Cláirínigh i 1912 is 1915 in aghaidh Chiarraí is in aghaidh Chorcaí i 1916, leis.



**An Clár v Corcaigh (1917)**

Bhuaigh An Clár ar Phort Láirge is ar Thiobraid Árann is bhuaigh Corcaigh ar Luimneach. Ní raibh Ciarraí san iomaíocht i 1917 ach oiread, dar ndóin. Bhí an lá leis an gClár, ambaist. Dhein foireann an Chláir slad ar na Corcaígh:

*'After an evenly contested first half the Banner took control of the exchanges to win by 5-4 to 0-1.'* 15/10/17 **Munster G.A.A. Story (1986) J. Cronin**

B'é Willie Walsh (Port Láirge) an réiteoir. Bhí rath nach beag ar fhoireann an Chláir i 1917. D'imríodar 5 chluiche is níor éirigh le haon dream báide a fháil ina gcoinnibh.

Thug Corcaigh (Lees) Craobh na hÉireann leo i 1911. I leabhar Bob Honohan, **Rebels With A Cause – 120 Years of Cork Football, deir sé;**

*'Sadly, for whatever reason, there was a sharp decline in their fortunes following the All Ireland victory of 1911....'*

Níor aimsigh Corcaigh ach cúilín amháin i 1912, 1913, 1914 is 1917 .

**Cluiche Ceannais Peile na Mumhan 1917**

14/10/1917 Tiobraid Árann

An Clár 5-4 Corcaigh 0-1

Corcaigh: P. Fitzgearld (Nils) Michael Mehigan (Lees) Paddy O'Halloran (Lees) M.Crowley (Lees) J. Moloney (Lees) C.O'Shea (Maigh Chromtha) S.Downey (Maigh Chromtha) Roger O'Conner (Collegians) Michael O'Sullivan (Eochaill) Vincent O'Sullivan (Lees) Con Lucy (Collegians) William Murphy (0-1) (Collegians) J.Roycroft (Beanntraí) W.Power (Lees) Jermiah Beckett (Lees)

Fear ionaid: Arthur Hallinan (Mainistir Fhear Maí)

**Foireann an Chláir (1917):**



Michael O'Connole (Cill Fhionnúrach), Jim Foran (Cill Chaoi), Noel McNamara (Cill Rois), Joe Marrinan (Cill Chaoi), Paddy O'Brien (Cuar an Chláir), Jim Fitzgerald (Baile Uí Mhaoilín), Michael McMahon (Cill Rois), Paddy O'Donoghue (Baile Uí Bheacháin), Pat Haugh (Béal Átha), J. Carmody (Cill Rois), Michael McNamara (Baile Uí Cheit, Cill Rois), E.Carroll (Baile Uí Mhaoilín), Michael Malone (Baile Uí Mhaoilín), E.Roche (Baile Uí Mhaoilín), John Joe 'Tugger' Downes.

Fear ionaid: Paddy Hennessy (Baile Uí Mhaoilín),

Ní raibh ach Mícheál Ó Maothagáin nó Mick Mehigan de chuid fhoireann 1911 ar fhoireann Chorcaí i 1917. Bhí Mehigan ina chaptaen mór le rá ar an bhfoireann sin. Bhí clú nach beag ar a dhearthair, Patrick Denis Mehigan (1884–1965) Carbery mar iriseoir spóirt. I bhFearann i



bparóiste Ard Ó bhFicheallaigh a rugadh is a tógadh iad. Ag caint i dtaobh a n-athar (Denis) deir Carbery : "On a harvest day he would climb to our bedroom, at about eight by the sun and shout at us in Irish: 'Brostaigh! Brostaigh, a bhuachaillí! Tá an lá ag rith orainn'. (Breathnach / Ní Mhurchú)

D'imir Mícheál le Clanna Caoilte nuair a bhí sé óg is le Lees nuair a bhog sé chun na cathrach. Dlúthchara leis an gCoileánach ab ea é is bhí saol deacair aige ina dhiaidh sin go háirithe nuair a bhí sé in Wormwood Scrubs.

Ní raibh ach 7 d'fhoireann 1916 ar fhoireann Chorcaí.

*'...It seemed to deliver a shattering blow to football morale in the county and it was not until a decade later that Cork were again kingpins in Munster.'* Honohan (lch. 63).

Tháinig deireadh le dhá chlub mhóra, áfach, agus cé gur bunaíodh Lees aríst tá deireadh ar fad leo anois.

*'The city's best football clubs in the early years of the GAA were Nils (Nil Desperandum - Despair of Nothing) and Lees, both largely made up of West Cork men working in town.'* IT Seán Moran 1997 3 Bealtaine

**Baile Uí Bheacháin**

Bhí tigh tábhairne cáiliúil i bhFánóir ag Paddy O'Donoghue (Baile Uí Bheacháin)

*'Anthony O'Donoghue built the pub on his return from Boston in the early 20th century... Then in the early 1930s, Paddy O'Donoghue, Anthony's nephew, a tradesman and county footballer, took over. Paddy played centre-field for the Clare team in 1917 but missed out on an All-Ireland title, beaten by the Wexford team that won four in-a-row.'*

Deir a mhac Brendan:



"When I was going to school, a lot of the stories here or the tales were in Irish. So I picked up quite a bit of Irish and I understand or understood quite a few of the older people. Many of the old people spoke nothing only Irish.

**Tull** (Turlough Owen) **Considine (An Clár) 1898-1980**

Saolaíodh Tull; duine de laochra móra an Chláir in Inis in 1898. D'imir sé caid is iomáint leis na Dalcassions. Ceannródaí ab ea é ina chur chuige chun traenála. Bhí cáil nach beag ar Tull is a chuid deartháireacha is bhí borradh faoin gcaid is faoin iomáint, leis, sa chontae ag an am.

Léiríonn Dr W. Murphy an dlúthcheangal idir an CLG agus Sinn Féin ar an ngort caide i gCo. an Chláir:

*'The Clare County Board began the process that saw de Valera nominated to contest the by-election of July 1917 and during its march to the All-Ireland football final of that year the Clare team entered the field, round after round, under the banner 'Up de Valera'.'*

**Dick Fitzgerald (1882-1930)**

Bhí dlúthcheangal ag Dick féin le Corcaigh is leis an gClár dála an scéil. D'imir sé caid dá scoil cois Laoi is bhí sé ag maireachtaint i gCorcaigh, leis, ar feadh tamaill. Laoch caide is duine an-mhór le rá ab ea é go deimhin fhéin. Bhí Sham Spellissy (Inis) mar thraenálaí ag an gClár, agus bhí Dick mar chóitseálaí acu de réir dealraimh.

Deir D. Hassan:

*'Fitzgerald was fulfilling a range of functions at this time because ... he took control of a Clare team devoid of any tradition in football, consistently one of the poorest sides in the Munster championship back then, and guided them to an All-Ireland final. It was a remarkable coaching achievement.'*

**Cluiche Ceannais Peile na hÉireann 1917**

Bhain An Clár Cluiche Ceannais na hÉireann amach, leis, ach fuair foireann láidir nótálta Loch Garman an ceann ab fhearr orthu. Bhí taithí thar na beartaibh ag Loch Garman fén dtráth sin.

*'Dual star Turlough "Tull" Considine was through on goal for Clare but was tripped up, while both teams had goals disallowed, so only points decided the game, Wexford winning nine to five.'*

